

# AN GHAEDHILGE. SAIDHBHREAS DON GHAEDHILG

Sgríobhneoirí na Fraincise roimh an éirigh amach, bhaineadar an púicín da shúilibh daoine ní hé amháin san bhFrainc ach ar fud Eorpa - Gambetta. Muintir na Fraincise i gCanada - Parinean. Dhírighedar a n-intinn ar éagcóra a bhain le saoghal an phobail agus thugadar léargus do dhaoine gur ghríosúigheadar an coitchiantacht. Ní ar son na teangan a dheineadar sin ar aon chor. Na daoine a bhíonn ag sgríobh i dtaobh na Gaedhilge ghá moladh, ghá cáineadh, ag déanamh truaighe di, is beag is fiú iad ar fad. Ní chorrúigheann gramadach an inntinn neithe móra a bhaineann leis an saoghal - leigheas ar an ocras agus ar an anbhruid, sin é is goire don inntinn. Is iomadha rud a bhaineas leis an leigheas sin- Polaitíocht, Stair, Oideachas, Dlighe, Saoirse, Cummanacht. Ní chuile dhuine a thuigheas an sgéal. Ní mór árd-tuigsint agus árd léigheann. Ó Conaill thug sé faoi an bhruid Gaedhal a leigheas agus rinne sé mórán. B'fhiú a Bhéarla a léigheadh. Dá mba í an Ghaedhilg a theangtha coitchianta níor luighdhe Éire é. Theastuigh uaidh go léighfeadh Sasanaigh a chainnt. Dá fallsa é an Sasanach níor chlis air ariamh tuigsint a bhaint as caint á cháineadh féin in aon teangain - Gandhi. An Connachtach a gabhadh i gCiarraidhe beagán roimh aimsir Uí Chonaill.

Art ó Gríobhtha

Yeats

George Russell

Tá maitheas déanta aca ach leigedar an Ghaedhilg tharsta. An Píarsach comh-aimsearach - thóg sé de láimh an Ghaidhilg a shaothrú agus a inntinn álainn féin a nochtú tríd an Ghaedhilg. Dhírigh sé a inntinn ar an bhruid na tíre agus ghríosúigh sé sinn leis an mbarr buadh. Ba é an t-aon duine mór a thug saidhbhreas den tsórt sin don Ghaedhilg. Tá na sgéaltóirí go maith ach ní bheathuigheann na briathra na bráithre. An chuid a sgríobhadh faoi phoilitíocht le fiche bliain anuas-dá sgriobtaoi as Gaedhilg í bheadh an Ghaedhilge as contabhairt.

Cen Fáth a Léireas Davis

Stair-muintir bocht Conamara,

An chaoi ar chuireadar fútha ar dtús

An chaoi a maireann siad

An focal adubhairt Pole liom

An duine a bhfuil ceapadh maith aige, nochtuigheadh sé é as Gaedhilge

Swift  
Molyneaux  
Tone  
Ó'C  
Davis  
Fr Mathew Mitchell  
Fenians  
Parnell  
Davitt  
Griffith  
De Valera.  
An Creideamh